Inniúlacht Cartlainne Meán

Tuairisc chinn bhliana ar iTunes U-COGG

www.ard.ie

Nollaig 2012

© 2013 ICM Ard-Media

Clár

Achoimre 5

CAIBIDIL I

TUAIRISC THRÉIMHSE I: Iúil, Lúnasa 2012 6

Scoil an Oideachais 7
Apple agus Óstáil Lárnach 7
Fabhtcheartú; Ag cur caoi ar an réimse "Cur Síos Ábhair" 8
Le déanamh sa gcéad tréimhse eile 9

CAIBIDIL II

TUAIRISC THRÉIMHSE II: Meán, Deireadh Fómhair 2012 10

Ábhar úr 11
Tábla I Ábhar úr sa dara tréimhse cothabhála. 11
Scoil an Oideachais 12
Fabhtcheartú; Ag cur caoi (arís) ar an réimse "Cur Síos Ábhair" 13
Tábla II Athruithe ar mheiteashonraí an bhailiúcháin Fócas ar an Stair. 13
Apple agus Óstáil Lárnach: Soiléiriú ar an gCeist, "Ríomhairí Apple nó na freastalaithe atá in úsáid i láthair na huaire?" 13
Tábla III Buntáistí a bhaineann leis an dá chóras bainistithe meán. 14
Úsáid reatha, éileamh 15
I. Seachtainiúil 15
Fíor I Buntaistí a bhaineann leis an dá chóras bainistithe meán, de réir úsáid (féach fresin Aguisín V, Tábla XII áit a bhfuil na réimsí sainmhínithe): 15
II. Náisiúnta agus Idirnáisiúnta 16
Fíor II Léiriú grafach pi ar bhunáitíocht úsáidte iTunes U-COGG. Taispeántar go bhfuil úsáid suntasach taobh amuigh d'Éireann ar an ábhar. I bhfocail eile, tá úsáid á bhaint as an gcainéal taobh amuigh de sheomraí ranga. 16
Cóipchearta 17
Fíor III Cóipchearta—soiléireacht d'úsáideoirí an chainéil; sé shamhail intuigthe ó Creative Commons [CC 2012]. 17
Cóipchearta agus Courses 17
Ceisteanna do thodhchaí an chainéil 18
…Réiteach ar chuid de na ceisteanna 18
Conclúid, Iúil—Deireadh Fómhair 19
I Cur síos digiteach 19
Tábla IV Athruithe cur i láthair sa dara colún i gcomparáid le hábhair leagáide. Is athruithe theicniúla is suntasaí le hais aon athrú ar an inneachair. 19
Tábla V Comparáid ar mhéideanna, idir theorainneacha agus úsáid, iBooks 20
II Ag tabhairt treoir do chruthaitheoirí ábhair 20
Tábla VI Treoir do chruthaitheoirí ábhair. 21
III Moladh iTunes U "Courses" a chur i bhfeidhm 21

CAIBIDIL III

TUAIRISC THRÉIMHSE III: Samhain, Nollaig 2012 22

Ábhar úr 23
Tábla VII Ábhar úr sa dara tréimhse cothabhála. 23

CAIBIDIL IV

OLLTUAIRISC 2012 24

An gléasra móibíleach/soghluaiste san oideachas 25

Fíor IV Úsáid idirlín de réir gléasra, soghluaiste agus deasc. Foinse: Morgan Stanley Research. 26
Fíor V Úsáid idirlín de réir gléasra: agus deasc (gorm), fón (dearg) agus táibléad (dubh). Foinse: Der Spiegel [43/2012]. 26

Tá an mhír seo fágtha ar láir sa leagan foilsithe. 27

Conclúid: forbairt an chainéil i 2013 agus ar aghaidh 28
Fíor VII Staid reatha an chainéal; leagan amach, mar sin ar cén chaoi an dtagann ábhar isteach ar an gcainéal. 29
Fíor VIII Athruithe fhéideartha a d'fhéadfaí a dhéanamh ar bheagán costas chun an méid ábhar a threisiú trí rannpháirteach bhreise a éascú agus foinsí ábhair a leathnú amach. 29
Tábla VIII Láidreachtaí an chainéil *versus* laigeachtaí ar furasta a iompú i dtreo leasa an chainéil, i bhfocail eile, feabhais. 30

Tagairtí 31
iTunes U-COGG 31
Cóipchearta 31
X-Bealach agus bainteach 32

Aguisín I

Idirghníomhaíocht le hApple 33
Tábla IX Innealtóirí le hApple a thug comhairle i dtaobh ritheacht an chainéil. 33

Aguisín II

Cáilíochtaí bhreise 33
Tábla X Cáilíochtaí bainte amach le linn "saoil" an chainéil iTunes U-COGG. 33

Aguisín III

Infreastruchtúr trealaimh iTunes U-COGG 34
Tábla XI Cur síos ar shonraíochta na bhfreastalaithe iTunes U-COGG 34

Aguisín IV

Leagan amach an tionscnaimh X-Bealach 35
Fíor IX Leagan amach ar an togra X-Bealach, le iTunes U-COGG ar an imeall mar fhéidearthacht. Tá an spreagadh teicneolaíochta leis an ailtireacht seo leagtha amach in [X-Bealach 2012]. 35
Fíor X Tá X-Bealach ar fáil sa "Scamall" i 2012. I 2013 beidh sé ar fáil ar an Scamall agus ar infreastruchtúr insuite X-Bealach. 35

Aguisín V

Téarmaíocht Apple 36
Tábla XII Treoir Apple ar na réimsí grafach i bhFíor I. 36

Aguisín VI

Staitisticí Úsáide 37
Tábla XIII Staitisticí úsáide seachtainiúil de réir catagóir; tá na catagóir sainmhínithe in Aguisín V, thuas. 38
Tábla XIV Staitisticí úsáide laethúil de réir catagóir; tá na catagóir sainmhínithe in Aguisín V, thuas. 39

Achoimre

Ag leanúint ar obair a déanadh agus a tuairiscíodh sa chéad dá thréimhse cothabhála, leagtar amach an obair atá idir lámha agus ag teacht chun críche ar an gcainéal iTunes U-COGG don tréimhse Samhain-Nollaig. Ach go príomha, déantar tuairisciú agus conclúid ar na céimeanna molta ón dearcadh teicniúil de, bunaithe ar obair déanta ó 2009—2012 agus ag breathnú chun tosaigh ar thodhchaí an chainéil.

Dírítear ar fhadhbanna ar leith a tuairiscíodh ó bhunú an chainéil; ina measc:

- bailiú ábhar (feiliúnach) don chainéil: leathnú amach ar na bhfoinsí ábhar atá in ann a chur leis an gcainéal
- míchompoird atá tuairiscithe ag múinteoirí le rochtain ábhar *vis à vis* an ardáin iTunes U
- trealamh nach bhfuil á úsáid ag an togra
- mí-éifeachtaí teagmhála
- teannas idir na páirtithe leasmhara—foinse agus a réiteach
- staitisticí úsáide iTunes—ard-úsáid i 2012, a chéad bhliain ar an bhfód

Chun tosaigh ar na foinsí ábhair nua ná an togra X-Bealach atá á chomhlíonadh i bpáirt le Foras na Gaeilge. Chruthódh an togra seo sineirge shuntasach don togra iTunes U COGG mar go dtabharfadh sé deis d'iTunes U COGG leabharlann/cartlann domhain ábhair (Gàidhlig chomh maith le Gaeilge) a rochtain.

Ó bhunú an togra seo, go deimhin, ón gcoincheap ar aghaidh, thiomáin saineolas ICM an togra iTunes U-COGG go príomha. Tá infheistíocht ama agus maoin déanta againn sa togra—ar leasa ICM agus an COGG—agus go deimhin, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Is léiriú láidir duais náisiúnta eGovernment 2012 ar an méid seo.

Tá súil go leanfaí leis an togra i 2012 agus go mbeadh ionchur ábhair ag ICM agus cruthaitheoirí úra.

Beidh ICM lonnaithe i gcampas gnó Údarás na Gaeltachta ón Earrach 2013. Meastar go mbeidh seo ar leasa aon fhorbairt ar an gcainéal amach anseo.

Ar deireadh, léiríonn na figiúirí úsáidte do 2012 go bhfuil éileamh láidir ar an gcainéal i mbliain a bhunaithe, le 3,000 síntiús tógtha amach agus líon íoschóipeáil os cionn 22,000. Le gach cineál úsáid as an gcainéal, íoschóipeáileadh agus breathnaíodh ar ábhar ón gcainéal os cionn 75,000 uair i dtréimhse 10 mí; féach Aguisín V & VI, Fíor XII-XIV.

CAIBIDIL I TUAIRISC THRÉIMHSE I: Iúil, Lúnasa 2012

Tá an caibidil seo scríofa ó dhearcadh an am a scríobhadh é—sé sin le rá, tá conclúid déanta ar na ceisteanna sna caibidil a leanann.

Scoil an Oideachais

Ag tabhairt comhairle theicniúil do Scoil an Oideachais, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh maidir leis an ábhar atá le crochadh acu ar an gcainéal.

Tá an t-ábhar atá acu faoi faoi eagar den chuid is mó agus is gearr go mbeidh an t-ábhar críochnaitheach i mo sheilbh chun crochadh ar an gcainéal.

Don tuairisc chinn bhliana:

Beidh mé ag soláthar seicliosta do Scoil an Oideachais maidir le ceisteanna theicniúla a bheith ar an eolas fúthu (méid, formáidí agus mar sin de).

Apple agus Óstáil Lárnach

Tá mé i mbun teagmhála leanúnach le hÉanna Ó Brádaigh; is é mo idirghabhálaí idir an cainéal agus innealtóirí Apple i Meiriceá agus i Sasana é.

Nuair a thosaigh an togra seo, bhí iTunes U leagtha amach mar a leanas:

- *theastaigh uaidh na hinstitiúidí a raibh cainéal acu nó uathu an t-ábhar a óstáil ar a bhfreastalaithe féin*

Le tamall gairid anuas, tá athrú polasaí curtha i bhfeidhm ag Apple:

- *tá Apple anois ag tabhairt an rogha do hinstitiúidí a ábhar institiúide a óstáil dóibh (ach níl siad ag cur brú)*

Tá mé i mbun fiosraithe, i dtaca le hÉanna faoin gceist seo. Ba mhaith liom tomhas a fháil ar an méid oibre a bheadh i gceist (tá mise ag súil nach mbeadh mórán i gceist agus go gcomhlíonfaí é taobh istigh de mo chonradh oibre é).
Is éard atá i gceist ná go mbeadh an t-úsáideoir ag rochtain an t-ábhar as córas lárnach Apple in áit freastalaithe áitiúla, mar atá faoi láthair. Ar ndóigh, níl sé riachtanach go n-athrófaí óstáil, ach is ceist úsáideach í sa bhfad téarma ar na cúiseanna seo a leanas:

Slándáil: tá an t-ábhar iontach slán[1] mar go bhfuil dhá chóip de ag Apple
Tugann aistriú ábhair freastalaí nua as an bpíosa don togra mar gur féidir 100% de acmhainní an ríomhaire a chaitheamh ar chruthú ábhar in áit cruthú agus óstáil.

[1] Tá an t-ábhar iontach slán mar atá agus tá an tseirbhís seachadta thar moladh beirte. Tá sé seo soiléir ón bhfreastalaí. Mar go bhfuil an córas atá a thairiscint ag Apple níos slán ná an ceann faoi láthair, caithfear a rá go bhfuil an córas atá ann i láthair na huaire iontach slán agus cobhsaí.

Seirbhís leanúnach: tá Apple freagrach as aon bhriseadh agus tá seo fíor annamh.

Acmhainní ríomhaireachta áitiúla níos saoire: Is furasta a léiriú go bhfuil an córas cruthaithe áitiúil anois i bhfad níos cumhachtaí mar nach bhfuil sé ag freastal ag óstáil.

Córas Apple níos ullamh chun réiteach i gcóir trácht: Má thagann 2,000 úsáideoir de aon iarracht (taobh istigh de uair an chloig, mar shampla!) ag éileamh ábhar ón bhfreastalaí, cuirtear brú ar an bhfreastalaí agus tugtar faoi deara é ar chóras líonra na hollscoile

Mar sin, ag an am seo tá na ceisteanna seo ag leibhéal fiosraithe. Beidh tuilleadh plé á dhéanamh ar seo sa chéad tuairisc eile nuair atá freagraí níos mion faighte. Ní mheastar (tá Éanna ar aon intinn anseo) go n-ardaítear ceisteanna do bhord bainistíochta COGG anseo. Don úsáideoir, is é an t-ábhar céanna a a bheidh le feiceáil ar iTunes U anseo agus ón bhfoinse céanna.

Fabhtcheartú; Ag cur caoi ar an réimse "Cur Síos Ábhair"

Cailleadh ceangal idir an bhfreastalaí iTunes U agus freastalaithe Apple ar feadh roinnt seachtainí i mí Meitheamh. Faoin am a raibh siad ar ais i dteagmháil, bhí athruithe déanta ar chóras meiteashonraí (cur síos) iTunes U agus mar go raibh córas iTunes U-COGG á thabhair suas chun dáta as an nua, ní raibh an córas sásta glacadh le téarmaíocht imithe as feidhm. Mar sin cuireadh na hathruithe seo i gcrích.

Theastaigh 1,500 tag a thabhairt suas chun dáta:

iTunes:Description ➔ iTunes:Subtitle

Tá an tag iTunes:Description mapáilte anois do iTunes:Subtitle ar fud an bhailiúcháin ar fad.

Le linn an phróiseas seo, tháinig dúshlán eile chun solais: ní ghlacann an tag iTunes:Subtitle ach le 255 carachtair (spásanna san áireamh).

Bhí an cur síos a bhí i mbailiúcháin éagsúla rófhada leis an riail nua seo. Rinneadh an cur síos a ghiorrú (baineadh amach an t-ábhar a raibh a laghad tábhacht ag baint leo i gcomhthéacs an réimse—Cur Síos. Tá na bun leaganacha sábháilte agam faoin réimse dífheidhmeach iTunes U:Description agus mar sin tá siad ar fáil má theastaíonn siad arís.

Is é an chéad chéim eile ná córas dea-chleachtais a chur i gcló leis an tuairisc chinn bhliana don té atá ag cur ábhar le cur síos leis an gcainéal. Titfidh seo faoin seicliosta do scoil an oideachais a rinneadh tagairt ar níos túisce sa gcáipéis seo.

Le déanamh sa gcéad tréimhse eile

1. Tá obair le déanamh ar an mbailiúchán is mó a digitiú díreach roimh lainseáil an chainéil. Tá Fócas ar an Stair ceall cur síos don chuid is mó agus teastóidh cur síos a dhéanamh ar chuile mhír ó chluaséisteacht

2. Leagan amach iomlán ar na deiseanna atá le hóstáil lárnach an ábhair ar ríomhairí Apple. Déanfar seo a leagan amach go neamhtheicniúil mar gur ceist neamhtheicniúil í agus beidh plé bun go barr ar an scéal don ghnáth-léitheoir

3. Córas dea-chleachtais a chruthú do sholáthróirí ábhair don chainéal, mar atá leagtha amach faoi "Scoil an Oideachais" agus "Fabhtcheartú", thuas

4. Fardal ábhair agus ríomhaireachta. Tá tionchar ag ceist 2, thuas ar an ábhar seo. Céard atá i ndán de threalamh an togra? Beidh mé ag súil le hionchur ó Apple ar an gceist seo freisin

CAIBIDIL II TUAIRISC THRÉIMHSE II: Meán, Deireadh Fómhair 2012

Tá an caibidil seo scríofa ó dhearcadh an am a scríobhadh é—sé sin le rá, tá conclúid déanta ar na ceisteanna sna caibidil a leanann.

Ábhar úr

Tháinig an t-ábhar úr isteach ón DGO, Scoil an Oideachais, OÉ, Gaillimh. As an iomlán, ba iad na físeáin a chruthaigh an chuid is mó den obair chóirithe.

Cruthaitheoir	Bailiúchán	Cur síos	Bailiúchán úr?
OÉG, DGO, Scoil an Oideachais	Dánta	Dánta (fuaim) le ceol	✓
OÉG, DGO, Scoil an Oideachais	Eolaíocht	3 bhailiúchán: Fisic, Ceimic, Bitheolaíocht don TS. Físeáin le hábhar léite	✓
OÉG, DGO, Scoil an Oideachais	Eolaíocht: iBooks	3 bhailiúcháin comhtháite (físeáin, leabhar)	Ní bailiúchán iTunes U é seo, ach bailiúchán ar iTunes iBookstore
OÉG, DGO, Scoil an Oideachais	Póstaeir	Póstaeir ranga a chruthaigh mic léinn an DGO	×
COGG	Fócas ar an Stair, 1—76	Bailiúchán a crochadh cheana ach ar beartaíodh feabhas a chur ar an gcur síos	×

Tábla I Ábhar úr sa dara tréimhse cothabhála.

Réitíodh na físeán do iTunes U. Bhí fadhbanna theicniúla le cuid acu. Cuireadh caoi ar gach ceann ach ceann amháin nárbh fhéidir a chrochadh sa deireadh. Réitíodh leaganacha laghdaithe le formáidiú oscailte do Scoil an Oideachais. Uathu seo, bhí siad in ann leagan iBooks a réiteach agus a chruthú don iBookstore. Cóiríodh agus crochadh na físeáin aonánacha i gcóir iTunes U ansin.

Pléadh iTunes U "Courses" le Scoil an Oideachais agus moladh Courses dóibh ar na cúiseanna seo a leanas:

- Gurbh fhiú breathnú ar mar sár-bhealach cúrsaí iomlána a chur ar fáil d'aon iarradh nó thar tréimhse seachtainí/míonna
- Gan mórchumas teicniúil de dhíth, go dtugann sé an deis do mhúinteoirí siollabais iomlán ilmheán (iBooks san áireamh) a chrochadh ar iTunes U

Tá bailiúchán nua, mar sin, ar iTunes U-COGG—sin "DGO, Scoil an Oideachais, OÉ, Gaillimh." Is é seo an bailiúchán is nua, agus mar sin tá sé

sa gcéad áit ar an leathanach tosaigh (tá sé seo faoi smacht an riarthóra agus is furasta é a athrú más gá). Sa dara háit anois, tá bailiúchán COGG agus sa tríú háit, tá bailiúchán na hollscoile (Rang 5 & 6). Baineadh anuas an bailiúchán "Stair." Ní hin le rá nach bhfuil sé ar fáil, ach nach bhfuil sé le feiceáil ar an leathanach tosaigh. Mar a tharlaíonn sé, ní féidir ach trí bhailiúchán a bheith sa "bhfuinneog tosaigh" ag aon am amháin.

Scoil an Oideachais

B'é an plé is mó a bhí agam le hábhar nua a chrochadh ná le Scoil an Oideachais, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, sna réimsí a leanas:

- Ag tabhairt comhairle theicniúil maidir leis an ábhar a bhí le crochadh acu ar an gcainéal agus ar an iBooksstore
- Na bailiúcháin nua a chrochadh (Fisic, Ceimic, Bitheolaíocht, Dánta); Próiseáil de dhíth ar na comhaid mheáin
- Bailiúchán Póstaeir a fhadú
- Ealaín a chruthú do na bailiúcháin nua

<u>Don tuairisc chinn bhliana:</u>

Beidh mé ag soláthar seicliosta do Scoil an Oideachais maidir le ceisteanna theicniúla a bheith ar an eolas fúthu (méid, formáidí agus cur i láthair). Tá an t-eolas ar fad sa tuairisc seo (táblaí agus fíoracha ar leith).

Fabhtcheartú; Ag cur caoi (arís) ar an réimse "Cur Síos Ábhair"

Chur Apple caoi arís ar fhabht a tháinig aníos sa tréimhse seo freisin: meiteashonraí ar iarradh (ar fud iTunes U, ní hamháin cainéal COGG). Rinneadh teagmháil le Apple agus tá na meiteashonraí ar ais. Thug sin deis atheagar a chur ar na meiteashonraí sa mbailiúchán is mó ar an gcainéal a raibh mí-chothromaíocht ord ann.

Tá leagan amach leabhair ar mbailiúchán "Fócas ar an Stair."[2] Seo é an bailiúchán is mó ar iTunes U-COGG, le 820 mír. Mar go bhfuil an méid seo míreanna i gceist, briseadh síos an bailiúchán ina bhfoth-bhailiúcháin. B'é an aidhm ná go mbeadh isteach ar 50 mír i chuile bhailiúchán.

Bhí an bailiúchán ceal aon chur síos go dtí seo sa réimse "Description." Baineadh amach an cur síos as an réimse "Teideal" mar go raibh dhá réimse sainithe in aon réimse amháin, mar atá leagtha amach, Tábla II.

Sean leagan amach	Leagan amach nua
Réimse "Teideal": Caibidil (Imleabhar), Uimhir, Teideal Mír m.s. Caibidil 73-02 Lá Cois Farraige Réimse "Cur síos" Folamh Caibidil 1—9 leagtha amach mar chaibidil 1—4	Réimse "Teideal": Caibidil (Imleabhar), Uimhir m.s. Caibidil 73-02 Réimse "Cur síos" Lá Cois Farraige Caibidil 1—9 ag cloí le formáid an bhailiúcháin in áit formáid dlúthdhiosca

Tábla II Athruithe ar mheiteashonraí an bhailiúcháin Fócas ar an Stair.

Apple agus Óstáil Lárnach: Soiléiriú ar an gCeist, "Ríomhairí Apple nó na freastalaithe atá in úsáid i láthair na huaire?"

Sa tuairisc dheireadh, cuireadh an cheist faoi bhainistiú ábhar an chainéil; go bunúsach, ar cheart smaoineamh ar an ábhar a bhainistiú go lárnach (ar mhaithe le slándáil), nó an bhfuil an córas atá ag an cainéal anois níos fearr don todhchaí.

Tar éis iniúchadh a dhéanamh ar an dá chóras difriúil, is léir nach bhfuil freagra shimplí ann. Tá buntáistí ag baint leis an dá chóras, ach mar a tharlaíonn tá buntáistí chumhachtacha ag baint leis an gcóras atá i bhfeidhm ó bhunú an chainéil.

Córas freastalaithe lonnaithe faoi smacht COGG/OÉG	Córas lárnach Apple
Tá smacht iomlán ag COGG ar an ábhar (is féidir córas script á úsáid chun suaitheantais, síneadh amach agus comhaid a athrú go sciobtha)	Má theipeann ar an gcóras, is le Apple atá chuile fhreagracht
Is féidir an dá chóras a úsáid go comhthreomhar: níl gá nach bhféadfadh cuid den ábhar a bheith bainistithe ag Apple	Bheadh moill (go comparáideach, réasúnta mór) ag baint le hathrú ábhar
Bainistiú níos láraithe	Crochadh ábhar i lámha na daoine atá i mbun ábhair a chruthú (OÉG)
Costais níos ísle riaracháin	Costas níos ísle ar fhreastalaithe
Slándáil sásúil: tá cúltaca ag Apple ar aon nós agus tá cúltaca ag an riarthóir	Slándáil sásúil: cúltaca ag Apple, Apple freagrach as
Seirbhís leanúnach Ní raibh ach briseadh Seirbhíse amháin i 2012 nach raibh aon bhaint aige leis an gcainéal nó leis an bhfreastalaí. Níor stop rochtain an chainéil ag pointe ar bith	Seirbhís leanúnach

Tábla III Buntáistí a bhaineann leis an dá chóras bainistithe meán.

Úsáid reatha, éileamh

I. Seachtainiúil

Taispeánann an léaráid, Fíor I, an úsáid seachtainiúil atá á bhaint as an gcainéal ó mhí Eanáir 2012. Cé go bhfuil an cainéal ar an bhfód níos faide ná seo (roimh a lainseáil oifigiúil i 2012), is ar 21 Eanáir 2012 a thosaigh Apple ag cur staitisticí úsáidte ar fáil. Tá na staitisticí seo bailithe go lárnach ar chórais Apple agus mar sin, is féidir a ghlacadh go bhfuil siad cruinn agus beacht (aontaíonn siad leis an leibhéal trácht atá an freastalaí ag feiceáil).

Déanfar plé níos leithne ar na bhfigiúir sa tuairisc chinn bhliana. Ag an bpointe seo, is leor a rá go bhfuil gaol suntasach le feiceáil idir rochtain agus ábhar nua ar fáil.



Fíor I Buntaistí a bhaineann leis an dá chóras bainistithe meán, de réir úsáid (féach fresin Aguisín V, Tábla XII áit a bhfuil na réimsí sainmhínithe):
▲ Brabhsáil ✱ Síntiús ♦ Sruth ■ Íoschóipeáil ● Enclosure

Ní ábhair iontais é ach an oiread go bhfuil an tseachtain is mó rochtana ag titim díreach ar sheachtain a lainseála i 2012.

Thuar Apple sula raibh iTunes U-COGG ar an bhfód go bhfuil tábhacht ag baint (ó thaobh suim agus úsáid cainéil) le hábhar úr a sholáthar go rialta.

Láidríonn Fíor I an cur chuige seo.

II. Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

Léiríonn Fíor II go bhfuil os cionn an ceathrú cuid d'úsáideoirí an chainéil ag teacht as taobh amuigh d'Éirinn, go deimhin taobh amuigh d'Éirinn agus den Ríocht Aontaithe.

Is deá scéal é seo go bhfuil úsáideoirí as an iasacht ag úsáid an cainéal ach cuireann sé fianaise thábhachtach ar fáil freisin. An chéad léiriú a thugann seo in iúl dúinn ná go bhfuil ar a laghad an fhigiúr seo taobh amuigh de chóras scolaíochta. Fiú más scoláirí iad, níl siad ag leanúint an curaclam ach ag úsáid an t-ábhar ar mhaithe lena gcuraclam féin nó a gcuid staidéir féin.



Fíor II Léiriú grafach pi ar bhunáitíocht úsáidte iTunes U-COGG. Taispeántar go bhfuil úsáid suntasach taobh amuigh d'Éireann ar an ábhar. I bhfocail eile, tá úsáid á bhaint as an gcainéal taobh amuigh de sheomraí ranga.

Cóipchearta

Tá an leagan amach ar chóipchearta sa tuairisc bhunaithe [Ó Conaire *et al.*] agus le fáil ar an gcainéal iTunes U-COGG sásúil mar mhíniú agus treoir ghinearálta. Tá cóipchearta intreach ar an ábhar ach is maith a bheith in ann samhail aitheanta chóipchearta a chur leis an ábhar ionas go dtuigtear ar an bpointe céard is féidir a dhéanamh leis an ábhar. Is ceist thábhachtach í seo do mhúinteoirí agus do dhaltaí a bheadh ag iarraidh athúsáid a bhaint as an ábhar (mar shampla, an t-ábhar a athúsáid agus a fhoilsiú mar chuid dá gcuid oibre féin).

Clúdaíonn an sé shamhail ó Creative Commons [CC 2012] go mór le soiléiriú cóipchearta. Meastar go mbeadh péire acu seo, Attribution-NonCommercial-ShareAlike, CC BY-SACC, agus Attribution-ShareAlike, BY-NC-SA, déileáil le formhór an ábhair a atá ar an gcainéal faoi láthair agus a bheidh le theacht.



The Licenses

Attribution
CC BY

This license lets others distribute, remix, tweak, and build upon your work, even commercially, as long as they credit you for the original creation. This is the most accommodating of licenses offered. Recommended for maximum dissemination and use of licensed materials.

View License Deed | View Legal Code

Attribution-ShareAlike
CC BY-SA

This license lets others remix, tweak, and build upon your work even for commercial purposes, as long as they credit you and license their new creations under the identical terms. This license is often compared to "copyleft" free and open source software licenses. All new works based on yours will carry the same license, so any derivatives will also allow commercial use. This is the license used by Wikipedia, and is recommended for materials that would benefit from incorporating content from Wikipedia and similarly licensed projects.

View License Deed | View Legal Code

Attribution-NoDerivs
CC BY-ND

This license allows for redistribution, commercial and non-commercial, as long as it is passed along unchanged and in whole, with credit to you.

View License Deed | View Legal Code

Attribution-NonCommercial
CC BY-NC

This license lets others remix, tweak, and build upon your work non-commercially, and although their new works must also acknowledge you and be non-commercial, they don't have to license their derivative works on the same terms.

View License Deed | View Legal Code

Attribution-NonCommercial-ShareAlike
CC BY-NC-SA

This license lets others remix, tweak, and build upon your work non-commercially, as long as they credit you and license their new creations under the identical terms.

View License Deed | View Legal Code

Attribution-NonCommercial-NoDerivs
CC BY-NC-ND

This license is the most restrictive of our six main licenses, only allowing others to download your works and share them with others as long as they credit you, but they can't change them in any way or use them commercially.

View License Deed | View Legal Code

Fíor III Cóipchearta—soiléireacht d'úsáideoirí an chainéil; sé shamhail intuigthe ó Creative Commons [CC 2012].

Cóipchearta agus Courses

Tugann Courses saoirse do úinéir an chainéil ábhar a chrochadh nach dtiteann faoi fhreagracht an úinéir. Tá sé seo amhail cheana ar iTunes U-COGG; má bhreathnaítear ar an mbailiúchán, "Sleamhnáin Staire" ó Choláiste Oiriall, ní le COGG an t-ábhar agus is léir seo don té a bhreathnaíonn air. Mar sin féin, tá COGG á chrochadh ar a ardán féin. Ní amhlaidh an scéal le Courses mar gur féidir ábhar inmheánach agus seachtrach a chur ar fáil go comhthreomhar.
Ag leanúint ar seo, tá muid ag cur bailiúchán samplach Courses i dtoll a chéile a bheidh réitithe go gairid.

Ceisteanna do thodhchaí an chainéil

Déanfar cur síos leathan ar réimsí thábhachtach, ó thaobh bainistiú córais, sa mór-thuairisc. Idir an dá linn, seo hiad na réimsí go hachomair:

- Úsáid reatha go dtí deireadh 2012
- Cén chaoi is fearr leibhéal úsáidte agus suim a choinneáil ard, idir úsáideoirí scoile agus úsáideoirí fánacha
- Córas cruthaithe a leathnú amach chuig múinteoirí
- Ceisteanna rochtana a réiteach (múinteoirí is tábhachtaí anseo)
- Cóipchearta ar lean
- Treoir do chruthaitheoirí (réitithe, Nollaig 2012)

…Réiteach ar chuid de na ceisteanna

1. Treoir fhísiúil a chruthú do dhaltaí agus múinteoirí mar aon ar úsáid an chainéil (níl sé seo ag braith ar acmhainní an tréimhse cothabhála)

2. Treoir theicniúil (pléite thuas)

3. Treoir do chruthaitheoirí ábhair (múinteoirí mar shampla) a gcuid ábhar a fhoilsiú agus a bhainistiú ar iTunes. Níl raibh aon iarracht é seo a dhéanamh go fóill mar nach raibh an cainéal fós in inmhe

4. Ag úsáid Creative Commons, go mbeadh ceisteanna cóipchearta ar a dtoil ag gnáth ath-úsáideoirí trí na samhail a chur in iúl do na cruthaitheoirí

Conclúid, Iúil—Deireadh Fómhair

I Cur síos digiteach

Tá na modhanna foilsithe agus cur i láthair ag athrú. Níl an t-athrú seo iontach tábhachtach ó thaobh inneachair de (más ag tagairt ar ilmheáin atáthar ag tosaigh amach leis). Úsáideadh an bailiúchán Fócas ar an Stair sa gcáipéis seo mar shampla soiléir; feictear go bhfuil an t-ábhar leagtha amach mar a foilsíodh—mar dhlúthdhiosca taca do leabhar scoile. Mar sin, ní ábhar iontais é go bhfuil na bailiúcháin leagtha amach de réir caibidlí an leabhair, Fócas ar an Stair. Is é an ceacht is fiúntaí as seo ná go mbeadh bailiúcháin amach anseo neodrach—i bhfocail eile, gur féidir an bailiúchán a leanúint gan ábhar breise mar threoir.

Leagan amach Fócas ar an Stair: mar atá	Leagan Amach Idirlín
Caibidil 34—37, Plandáil go aimsir réamh-neamhspleáchais Mheiriceá. 44 mír; Fócas ar an Stair 800+ mír, déantar cinneadh an bailiúchán sholáthar de réir uimhir imleabhar, gan níos mó ná 50 mír in aon fhothbhailiúchán, más féidir. Deacracht: tá leagan amach bunaithe de réir imleabhar (ar nós ciclipéid) in áit de réir téama. Ní fadhb ollmhór é seo, ach níl sé idéalach don úsáideoir fánach.	Bailiúcháin a bhunú de réir théama agus méid. Mar shampla, Meiriceá agus Réabhlóid 28 mír. Múinteoirí atá cruthú bailiúcháin ar iTunes ag cloí le moltaí theicniúla an riarthóra. iBooks (bealach amháin éifeachtach an fhuaim agus an inneachar scríofa a choinneáil le chéile). Cruthaitheoir ag cloí le riachtanais theicniúla (níl siad seo dian ar an gcruthaitheoir).

Tábla IV Athruithe cur i láthair sa dara colún i gcomparáid le hábhair leagáide. Is athruithe theicniúla is suntasaí le hais aon athrú ar an inneachair.

Déantar tagairt do thorthaí iBooks anseo, cé go bhfuil siad taobh amuigh de chainéal iTunes U-COGG go fóill agus cothabháil an chainéil. Déantar é seo, mar aon leis an togra iTunes mar gur féidir iBooks a chrochadh ar iTunes U (Courses) agus go bhfuil comhionannas ardáin leis an dá ábhar.

Meastar go bhfuil na comhaid iBooks cruthaithe go dtí seo (Ceimic, Fisic) an mhór, go deimhin rómhór d'úsáideoirí banda 3G. Mar sin féin, tá siad níos ísle ná uasmhéid Apple. Tá méid na gcomhad (uasmhéid agus molta) curtha in iúl do Scoil an Oideachais, ionas go mbeidh siad in ann leaganacha níos lú a chruthú amach anseo nó a fhágáil leis an riarthóir cainéil iTunes U.

iBooks go dáta DGO, Scoil an Oideachais	iTunes U	iBooks	iTunes U-COGG
Comhaid físe crochta, idir 237-278 MB	Uasmhéid comhad < 500 MB	uasmhéid Comhad < 2 GB	Comhaid (pdf) fuaime, físe <10 MB 10—25 MB

Tábla V Comparáid ar mhéideanna, idir theorainneacha agus úsáid, iBooks

Tógann sé 20 nóiméad comhad chomh mór le 230 MB, mar shampla, a íoschóipeáil, fiú sa seomra ranga. Agus go minic ní féidir comhad chomh mór seo a íoschóipeáil ar choir ar bith. Moltar anseo go gcoinneofaí comhaid iBooks faoi 20 MB. Rinneadh chúpla triail chun a léiriú go bhfuil sé seo indéanta gan mórán tionchar ar an gcaighdeán. Níl aon ghearán nó fadhb feicthe agam leis na méideanna seo go fóill agus mar sin, fágfar mar atá go fóill. Má tá aon fhadhb amach, beidh na hathruithe á gcur i bhfeidhm gan mhoill.

II Ag tabhairt treoir do chruthaitheoirí ábhair

Ag leibhéal amháin, tá cruthú ábhar agus á fhoilsiú (ról an riarthóra) scoite amach óna chéile. Ag leibhéal eile, tá trádáladh láidir idir an dá ról. Mar shampla, tá leibhéal tuisceana de dhíth ar pháirtithe cén cineál ábhar atá ag teastáil. Go hachomair:

- Tá an riarthóir inniúil an caighdeán agus méid a laghdú má theastaíonn Ní theastaíonn uaidh/uaithi go gcloífeadh siad le caighdeáin theicniúil iTunes mar bíonn obair theicniúil le déanamh ag an riarthóir ar an ábhar sula bhfoilsítear é
- Tá cur síos ag teastáil i gcóir gach mír (gonta, uasmhéid 255 carachtair).
- Is féidir leis an cruthaitheoir an t-ábhar a bhrandáil más mian leis ach is féidir leis a riarthóir seo a dhéanamh má fheileann seo don chruthaitheoir/sáraitheoir
- Is fearr iBooks a choinneáil níos lú ná 20 MB más féidir ach tá cead iad a bheith chomh mór le 2 GB
- Tá cead míreanna fuaime agus físe a bheith chomh mór le 500 MB ach arís, ní moltar é seo. Go hiondúil, laghdaítear comhaid mhóra sa bpróiseas foilsithe agus mar gheall ar seo, ní gá don sáraitheoir imní a dhéanamh faoi seo
- Tá cead suas le 50 mír a bheith in aon bhailiúchán amháin ach moltar gan níos mó ná 30 mír a bheith san aon bhailiúchán de ghnách (moladh Apple); treisíonn 12-24 mír/bailiúchán inchuardaíocht ábhair

Réimse	Moladh
Teideal	Uimhreacha a sheachaint, más féidir. Teideal gairid ionas go mbeidh sé inléite
Cur síos	<255 carachtair (spásanna, poncaíocht san áireamh)
Formáid	Is cuma; tá an riarthóir in ann é seo a chur ina cheart. Más é an cruthaitheoir/oideachasóir atá ag crochadh an t-ábhar, caithfear cloí le caighdeáin formáide Apple (m4a, m4v, pdf)
Méid	Ná déan iarracht an mhéid a thabhairt anuas go caighdeáin íosmhéide Apple, mar: 1. seo íosmhéideanna Apple faoi láthair agus is léir go mbeidh siad le n-ardú le himeacht ama 2. tá iarphróiseáil le déanamh ag leibhéal an riarthóra; maolaíonn seo an caighdeán de bheagán agus teastaíonn
iBooks	Ná déan imní faoi seo má tá an riarthóir ag cóiriú agus ag crochadh ábhair.
PDF	Ná déan imní faoi seo má tá an riarthóir ag cóiriú agus ag crochadh ábhair. Mura bhfuil, níos lú ná 2MB go breá
Míreanna	Is é an straitéis molta, ar mhaithe leis an mbailiúchán féin agus úsáid a baintear as ná idir 12—24 mír a bheith in aon bhailiúchán. Cruthaíonn os cionn 50 mír fadhbanna, agus mar sin, tabharfar uasmhéid de 50 mír
Fís agus Fuaim	Ná déan imní faoi seo má tá an riarthóir ag cóiriú agus ag crochadh ábhair. Mura bhfuil, tá suas go dtí 500 MB ceadaithe, ach arís, is fearr seo a choinneáil faoi 150 MB de ghnáth.

Tábla VI Treoir do chruthaitheoirí ábhair.

III Moladh iTunes U "Courses" a chur i bhfeidhm

Ag tagairt ar phlé atá déanta thuas, arís, ní theastódh ó mhúinteoir rannpháirteach ach ábhar a bhailiú agus tá sé iontach furasta tar éis seo an t-ábhar a chumasú mar chúrsa scoile, más cúrsa séimhse, bliana, catagóir, nó teastais atá i gceist.

Lena chois, is céim réasúnta agus céim chríochnaitheach, bailiúchán gairid a chumrú go cúrsa iomlán.

CAIBIDIL III TUAIRISC THRÉIMHSE III: Samhain, Nollaig 2012

Ábhar úr

Tháinig an t-ábhar úr isteach ó Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge. Is ábhar oideachasúil dírithe ar an spriocghrúpa Rang 3 agus 4.

